An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Meánscoil na Toirbhirte
Baile an Mhuilinn, Contae Chiarraí
Uimhir Rolla: 61410N

Dáta na cigireachta: 12 Aibreán 2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta: 12 Aibreán 2013	
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 5 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa réimse idir maith agus an-mhaith i bhformhór na gceachtanna. Aithníodh scóip chun forbartha i gcás an mhionlaigh.
- Baineadh an leas cuí as an sprioctheanga le linn thromlach na gceachtanna.
- Cruthaíodh deiseanna ar labhairt na Gaeilge do scoláirí le linn na gceachtanna uile cé gurbh fhiúntaí na tascanna foghlama i gcásanna áirithe seachas i gcásanna eile.
- Tá sé le moladh go bhfuil cumas labhartha scoláirí na cúigiú agus na séú bliana á mheas go foirmeálta.
- Bhí cáilíocht agus cuimsitheacht na pleanála do na ceachtanna a breathnaíodh go maith, den chuid is mó.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go mbainfí leas as straitéisí de chuid an mheasúnú chun foghlama ionas go nglacfaidh na scoláirí breis freagrachta as a gcuid foghlama féin.
- Moltar go ndéanfaí measúnú foirmeálta agus rialta ar chumas labhartha na scoláirí sóisearacha agus idirbhliana.

RÉAMHRÁ

Feidhmíonn Meánscoil na Toirbhirte faoi choimirce CEIST. 541 scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní, atá cláraithe don scoilbhliain 2012/2013. Croí-ábhar is ea an Ghaeilge ar chláir na scoile, mar atá an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain - atá in clár roghnach - agus an Ardteistméireacht bhunaithe. Tá díolúine ón nGaeilge ag 8% de mhóriomlán na scoláirí. Seisear a bhí ag gabháil do mhúineadh na Gaeilge aimsir na cigireachta. Bhí beirt díobh seo ag feidhmiú in áit beirt bhall roinne eile a bhí ar shaoire mháithreachais/thuismitheoireachta ag an am. Tá an scoil suite i gceantar atá gar don Ghaeltacht, áit ina bhfuil báidh ag daoine leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí éagsúlacht ag baint le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ranganna a breathnaíodh. I bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh, bhí an cleachtas idir an-mhaith agus maith. Bhí achar chun forbartha le sonrú i roinnt bheag cásanna.
- Tugadh suntas don éagsúlacht i stíleanna teagaisc na múinteoirí. Chuirfí le scileanna múinteoirí aonair ach an deis a thapú ar bhreathnú ar chleachtas a chéile.
- Formhór am ama, baineadh an leas cuí as an sprioctheanga sa mhéid gurb í a bhí mar mheán cumarsáide le linn an cheachta. Tugadh ard-mholadh don chleachtas sna cásanna inar léir go raibh taithí ag scoláirí ar chumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir agus lena chéile trí mheán na Gaeilge. Ní raibh an cleachtas le moladh nuair a lean an leagan Béarla formhór a dúrathas as Gaeilge.
- Is iomaí uair a cruthaíodh deiseanna do scoláirí ar labhairt na Gaeilge mar chuid de thascanna idirghníomhacha foghlama. B'fhearr an cleachtas sna cásanna ina raibh réamhchleachtadh ó bhéal déanta ar na gnéithe den teanga ba mhó a bheadh le húsáid. Moltar go leathnófaí an dea-chleachtas seo trí shluachleachtadh a dhéanamh le scoláirí, de réir mar is gá, ar eochairabairtí an cheachta.
- Go hiondúil, aithníodh scóip chun feabhais sa chaoi a ndearnadh tascanna comhfhoghlama a stiúradh. I gcás amháin, braitheadh nár tugadh dóthain saoirse do scoláirí agus i ndá chás eile, bhí na gníomhaíochtaí foghlama ró-scaoilte. Ba cheart go mbeadh sprioc chinnte agus teorainn ama ag baint le tascanna comhfhoghlama agus ba chóir a chinntiú go n-éisteann scoláirí le haiseolas a chéile.
- Is minic a bhí an chothromaíocht idir ionchur an mhúinteora agus rannpháirtíocht na scoláirí in imeachtaí na gceachtanna cuí. Agus breis béime fós á leagadh ar an bhfoghlaim neamhspleách mar scil atá á forbairt sna scoláirí, moltar go mbainfí leas níos forleithne as an measúnú chun foghlama. B'fhónta an rud é, cuir i gcás, dá ndíreofaí aird scoláirí ar na crítéir ratha a bhaineann le tascanna,aonair nó comhfhoghlama, a bhíonn le comhlíonadh acu. Bheifí ag súil leis go dtreoródh an t-eolas seo iad agus iad i mbun oibre agus go gcuirfeadh sé ag machnamh iad ar conas is féidir leo feabhsú.
- Tugadh ard-obair faoi deara i roinnt bheag ranganna ina ndearnadh tréaniarracht ar Ghaeilge labhartha na scoláirí a shaibhriú, fiú i gcás na scoláirí ab ísle cumas.
- Is minic a bhí scoláirí lán-ghafa ó thús deireadh an cheachta le gníomhaíochta foghlama éagsúla. Bhí tairbhe ar leith ag baint leis na gníomhaíochtaí seo nuair a dearadh iad ar chaoi a threisigh agus a dhaingnigh an teanga nua-shealbhaithe.

- Den chuid ba mhó, bhí atmaisféar dearfach cúirtéiseach le brath sna ranganna. Sna cásanna seo, bhí scoláirí lán-dírithe ar thascanna a bhí curtha in oiriúint dá gcumas agus dá raon suime. Léirigh na múinteoirí seo ionchais arda dá gcuid scoláirí agus bhí a rian le haithint sa díograis a thug siad agus a gcuid scoláirí leo chun na hoibre.
- D'ullmhaigh na múinteoirí uile acmhainní breise chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Tugadh moladh ar leith dóibh siúd a bhain leas as ábhar beo ar nós grianghraf nó míreanna físe.
- Ar an iomlán, bhí an-chrot ar chóipleabhair na scoláirí agus rogha maith de thascanna scríofa comhlíonta acu. Bhí éagsúlacht le sonrú i rialtacht agus i gcáilíocht na monatóireachta a bhí á déanamh ar an obair seo, áfach.
- Céim dhearfach chun tosaigh is ea é go ndéantar measúnú foirmeálta ar chumas labhartha scoláirí na cúigiú agus na séú bliana. Déantar moladh láidir go n-áireodh an córas measúnaithe inniúlacht na scoláirí uile i labhairt na Gaeilge. Meabhraítear do mhúinteoirí gur iomaí féidearthacht atá ann chun cumas labhartha scoláirí a mheas chomh maith len' iad a thaifeadadh le linn ceachtanna.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Déantar soláthar an-mhaith don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile.
- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaoi ar a roinntear scoláirí ardleibhéil i ranganna agus go bhféachfaí ar an bhfiúntas a bhainfeadh le córas bandála a chur i bhfeidhim in áit an tsruthaithe a dhéantar orthu faoi láthair.
- Moltar go bhfaigheadh na múinteoirí uile oiread taithí agus is féidir ar an nGaeilge a mhúineadh sna cláir eagsúla.
- Tá a seomraí féin ag múinteoirí agus cuid mhaith díobh maisithe go tarraingteach le hábhar tagartha agus le samplaí d'obair na scoláirí.
- Tacaíonn clár d'imeachtaí comh-churaclaim le cur chun cinn na Gaeilge i saol na scoile. Is iomaí féidearthacht a d'fhéadfaí a thapú chun an Ghaeilge a nascadh le hábhair eile agus le gníomhaíochtaí scoile, go mór mór i gcás chlár na hidirbhliana.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Aithníonn roinn na Gaeilge an fiúntas a bhaineann leis an gcomhphleanáil agus is minic a thagann siad le chéile, bíodh sé mar chuid de sceideal na scoile uile nó as a stuaim féin. Ba mhaith an rud é dá ndéanfaí plé ar an gcleachtas ranga ag na cruinnithe seo.
- Tugann na scéimeanna oibre léargas ar an obair a chlúdaítear le bliainghrúpaí éagsúla. Agus na scéimeanna seo á n-athbhreithniú, b'fhiú iad a leagadh amach i bhfoirm thorthaí foghlama inmhianaithe. Ba mhaith an ní leis é dá mbeadh tagairt iontu d'acmhainní éagsúla atá ar fáil mar thaca le múineadh na dtopaicí a luaitear.
- Léiríonn sonraí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit go n-éiríonn le scoláirí an caighdeán is airde a bhaint amach san Ardteistiméireacht agus sa Teastas Sóisearach. Ábhar mórtais agus misnigh é seo agus moltar go ndéanfadh an roinn anailísiú ar ghnóthachtáil scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta chomh maith le comparáid ar rátaí rannpháirtíochta ag na leibhéil éagsúla.

- Bhí pleanáil mhaith déanta do na ceachtanna a breathnaíodh sa mhéid go raibh réamh-mhachnamh déanta ag na múinteoirí uile ar chéimeanna an cheachta. B'fhearr an cleachtas sna cásanna ina raibh na heochairabairtí a bhain le topaic an cheachta, agus a bheadh le cleachtadh ag scoláirí, sainaitheanta roimh ré. Déantar moladh láidir go leathnófaí an cleachtas seo agus go mbeartódh na múinteoirí uile ar scoláirí a chur i mbun rogha de ghníomhaíochtaí foghlama a thabharfadh cleachtadh dóibh ar úsáid na n-eochairabairtí réamhaitheanta seo.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide tánaisteach agus leis na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsithe Samhain 2013

Aguisín

Freagra na scoile ar an tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board welcomes this subject inspection report as it acknowledges the good work and practices of the Gaeilge Department in the school. This report will act as a positive guide towards on-going development within the Gaeilge department.

Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

The Gaeilge department notes the constructive findings and key recommendations in the report. The department is committed to implementing the recommendations so as to continue to improve the teaching and learning within the subject,